Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Márta 2020
(OR. en)

6449/20
ADD 1 REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0356(NLE)**

WTO 28
SERVICES 2
COASI 18

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| An: | 6 Márta 2020 |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6125/1/20 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13313/18 WTO 265 SERVICES 63 COASI 250 + ADD 1-12 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam – Glacadh |

**Dearbhú ó Ríocht na Beilge, ó Ríocht na Spáinne agus ó Ríocht na hÍsiltíre maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam**

Is díol sásaimh don Bheilg, don Spáinn agus don Ísiltír gur tugadh i gcrích an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam agus ba mhaith leo a athdhearbhú a thábhachtaí atá an chaibidil sa Chomhaontú faoi Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe, lena n-áirítear gealltanais i ndáil le bunphrionsabail agus coinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS). Go deimhin, le comhaontuithe trádála, is den riachtanas é go gcuirtear leis an bhforbairt inbhuanaithe, go seastar le caighdeáin dhomhanda agus go n-áirithítear cothrom na Féinne do chách.

Maidir leis sin, is díol sásaimh don Bheilg, don Spáinn agus don Ísiltír gur dhaingnigh Vítneam Coinbhinsiún 98 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le cómhargáil a thiocfaidh i bhfeidhm, ar deireadh, an 5 Iúil 2020, mar aon le formheasadh an chóid nua saothair. Leanfaidh an Bheilg agus an Spáinn d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na caibidle sa Chomhaontú faoi Thrádáil agus Forbairt. Tá muinín ag an mBeilg, ag an Spáinn agus ag an Ísiltír go leanfaidh Vítneam dá tiomantas Coinbhinsiúin bhunúsacha 87 agus 105 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair a dhaingniú agus go ndéanfaidh sí deimhin de go gcuirfear chun feidhme ar bhealach éifeachtach iad.